

Stair

Treoir don Dalta



Rewarding Learning

Má tá intinn ghéar agat agus má bhaineann tú sult as eolas a fháil ar an am atá caite, bainfidh tú sult as staidéar a dhéanamh ar Stair GCE.

Bíonn deis agat saincheisteanna criticiúla sa stair a fhiosrú agus tú ag déanamh staidéir ar Stair GCE agus bíonn tuiscint níos fearr agat ar iarmhairtí gníomhartha ar shibhialtachtaí san am atá caite agus beidh bá níos mó agat le daoine na linne seo ó chultúir dhifriúla.

Is féidir an cúrsa AS a dhéanamh mar an cháilíocht dheireanach nó mar an chéad leath de cháilíocht an A-leibhéil. Má tá tú ag iarraidh cáilíocht iomlán A-leibhéil a bhaint amach, ní mór duit an dara cuid den chúrsa ar a dtugtar A2, a chomhlánú.

Cad chuige a ndéanfa staidéar ar an Stair?

Beidh deis agat agus tú ag déanamh staidéir ar Stair GCE le heochair-eachtraí polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a mhúnlaigh ár linn féin a fhiosrú. Tógfar ar do thuiscint ar an am atá caite agus ar do chumas le naisc a dhéanamh idir réanna stairiúla agus comparáidí a dhéanamh eatarthu, agus le cora cinniúnacha suntasacha a shainaithint.

Forbróidh tú scileanna smaointeoireachta criticiúla a chuirfidh ar do chumas réimse fianaise a luacháil agus léirmhíniú difriúla ar an am atá caite a thuiscint. Gheobhaidh tú tuiscint níos fearr ar na fáthanna ar tharla gníomhartha suntasacha sa stair agus beidh tú níos eolaí maidir le cúrsaí reatha, agus beidh an cumas agat ábhar a thuairiscítear ar an nuacht faoi imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ina chomhthéacs stairiúil.



Stair

Treoir don Dalta

Cad é air a ndéanfaidh mé staidéar?

Aonad	Réimsí Staidéir
AS 1	Fiosruithe agus Léirmhínte Staire
AS 2	Coimhlint Stairiúil agus Athrú
A2 1	Athrú Thar Am
A2 2	Fiosruithe agus Léirmhínte Staire

Cad é mar a dhéanfar measúnú orm?

Aonad	Cur Síos ar an Mheasúnú	Ualú
AS 1: Fiosruithe agus Léirmhínte Staire	Scrúdú seachtrach scríofa le ceist le freagairt ghairid agus ceist ina dhá cuid bunaithe ar fhoinsé. 1 uair 30 nóiméad	50% de AS 20% den A-leibhéal
AS 2: Coimhlint Stairiúil agus Athrú	Scrúdú seachtrach scríofa le dhá cheist. Beidh dhá chuid i ngach ceist, ceist amháin le freagairt ghairid agus aiste. 1 uair 30 nóiméad	50% de AS 20% den A-leibhéal
A2 1: Athrú Thar Am	Scrúdú seachtrach scríofa le ceist amháin i bhfoirm aiste. 1 uair 15 nóiméad	20% den A-leibhéal
A2 2: Fiosruithe agus Léirmhínte Staire	Scrúdú seachtrach scríofa le dhá cheist bunaithe ar fhoinsé agus aiste amháin. 2 uair 30 nóiméad	40% den A-leibhéal